Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Southern Regional Assembly

# Fógra Rúin athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt.

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú)**

**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleanáil Úsáide Talún - Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2025**

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 31(1) den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2024, faoi rún Thionól Réigiúnach an Deiscirt athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) atá ann cheana féin, lena n-áirítear trí Phlean Straitéiseacha Limistéar Cathrach (MASPanna) do Chorcaigh, Luimneach/Sionainn agus Port Láirge agus Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch nua agus Pleananna Straitéiseacha Limistéar Cathrach nua a ullmhú le haghaidh tréimhse idir 10 agus 20 bliain.

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar cheann de thrí Thionól Réigiúnacha in Éirinn a bunaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil 2014. Tá naoi gcontae i Réigiún an Deiscirt (10 nÚdarás Áitiúla le Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí san áireamh), Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Luimneach, Tiobraid Árann, Port Láirge, agus Loch Garman.

Tugann an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, lena n-áirítear Pleananna Straitéiseacha na Limistéar Cathrach, creat pleanála straitéisí agus eacnamaíoch fadtéarmach d'fhorbairt Réigiún an Deiscirt, agus í ag tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála, chomh maith le beartais agus cuspóirí eacnamaíocha an Rialtais. San athbhreithniú ar an RSES agus na MASPanna féachfar ar gach ní atá leagtha amach in Alt 29 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2024 (arna leasú).

Déanfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA), Measúnú Réigiúnach ar Riosca Tuilte (RFRA), agus Measúnú Cuí (AA) mar chuid den athbhreithniú ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch agus ullmhóidh sé Tuarascáil Tionchair Natura, agus Tuarascáil Chomhshaoil ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol mar thoradh ar chur i bhfeidhm na RSES agus na MASPanna nua.

Chun tacú le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas, ullmhaíodh Páipéir Shaincheisteanna. Tá teacht ar chóipeanna de na Páipéir Shaincheisteanna sna háiteanna seo a leanas:

- **Suíomh Gréasáin Thionóil Réigiúnaigh an Deiscirt:** https://southernassembly.ie/rses-review/
- **Oifig Thionóil Réigiúnaigh an Deiscirt:** ***(gnáthuaireanta oifige i rith na seachtaine)***
  Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Teach an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge X91F8PC.
- **Údaráis Áitiúla:** An cuntar pleanála i ngach ceann de na 10 n-údarás áitiúil atá i dTionól Réigiúnach an Deiscirt, seiceáil go háitiúil le do chomhairle maidir le huaireanta oscailte.

Is féidir Tuairimí ar Athbhreithniú agus ullmhú na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche nua, lena n-áirítear Pleananna Straitéiseacha Limistéar Cathrach, a dhéanamh i scríbhinn idir an 26 Márta 2026 agus 5.00 i.n. ar an 22 Bealtaine 2026 trí aon cheann de na modhanna cumarsáide seo a leanas:

- **Ar líne:** consult.southernassembly.ie
- **Ríomhphost:** rses@southernassembly.ie
- **Seoladh Poist:** Aighneachtaí RSES, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Teach an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge X91F8PC

Breithneoidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt na tuairimí uile a fhaightear sula n-ullmhófar Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch nua. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfaí tuairimí a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin agus faoi réir na reachtaíochta Saorála Faisnéise.

Tabharfar admháil go bhfuarthas tuairimí; ní féidir freagraí aonair thabhairt, áfach.

David Kelly
Stiúrthóir